**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000065/2021**
**ar an gComhairle**
Riail 136
**Pascal Canfin**, **Lídia Pereira**, **Javi López**, **Nils Torvalds**, **Catherine Griset**, **Pär Holmgren**, **Anna Zalewska**, **Petros Kokkalis**
thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Comhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP26) i nGlaschú, an Ríocht Aontaithe

Cad iad na bearta atá á ndéanamh ag an gComhairle lena áirithiú go ndéanfar dul chun cinn suntasach le linn Chomhdháil Aeráide COP26 i nGlaschú, arb é is aidhm leo:

– leibhéal uaillmhéine na rannchuidithe arna chinneadh go náisiúnta a mhéadú agus spriocanna maidir le hastaíochtaí glan-nialasacha ó lár an chéid a ghlacadh ar fud an domhain chun go mbeidh na páirtithe uile in ann sprioc fhoriomlán Pháras a bhaint amach;

– an obair ar Chlár Oibre agus Leabhar Rialacha Chomhaontú Pháras a thabhairt chun críche go rathúil, go háirithe an obair ar Airteagal 6, maidir le trédhearcacht agus tráthchlár coiteann;

– uas-scálú a dhéanamh ar shlógadh an mhaoinithe don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus ar mhaoiniú inbhuanaithe?

Curtha síos: 12.10.2021

Spriocdháta i gcomhair freagra: 13.1.2022